

Scéal na Seacláide 'Seacláid Chonamara'

Scarann In. Ní Chonghaile an rang ina dhá ghrúpa chothroma, ceannaitheoirí agus díoltóirí an bhranda seacláide 'Conamara'. Tugann sí treoir go discréideach don lucht díolta nach bhfuil cead acu í a dhíol ar phraghas níos ísle ná €1 agus treoraíonn sí go ciúin don cheannaitheoir gan níos mó ná €2.50 a íoc ar son barra seacláide. Tosaítear ar an idirbheartaíocht agus coinníonn In. Ní Chonghaile taifead ar gach praghas ar an gclár bán. Déantar an ghníomhaíocht in athuair, ag cinntiú go mbíonn na scoláirí ag idirbheartú le duine difriúil. Déantar taifead arís eile de na praghsanna a íoctar, agus tugann In. Ní Chonghaile faoi deara go bhfuil laghdú ag teacht ar an mbearna idir méideanna/ asluitigh (praghas cothromaíochta).

Míníonn In. Ní Chonghaile gur tháinig ardú san éileamh ar an tseacláid sa tSín agus nár plandáladh plandaí cacó breise chun freastal ar an éileamh nua sin agus dá bharr sin go bhfuil soláthar níos lú púdar cócó anois ag Comhlacht Seacláide Chonamara. Tugtar faoin ngníomhaíocht idirbheartaíochta arís faoi choinníollacha nua;

- $\frac{2}{3}$ den ghrúpa ina gceannaitheoirí agus $\frac{1}{3}$ ina ndíoltóirí
- An t-íosphraghas díolacháin = €1.50; An t-uasphraghas ceannaigh = €3

Taifeadtar na praghsanna agus pléann an rang tionchar an tsoláthair laghdaithe ar an bpraghas.

Míníonn In. Ní Chonghaile do scoláirí gurb é a bhí ar siúl acu rólímirt soláthair agus éilimh, agus míníonn gur chóir go dtuigfeadh siad anois cad is brí le soláthar agus éileamh. Cinntíonn sí go dtuigfeann siad na coincheapa trí cheisteanna a chur orthu.

Agus í ag úsáid na gcéad choinníollacha margaidh, tarraingíonn In. Ní Chonghaile Cuar garbh Soláthair agus Éilimh ar an gclár, ag tarraingt ar a gcuid eispéireas le linn na gníomhaíochta chun pointí a bhreacadh ar an ngraf. Cuirtear na scoláirí ansin ina ngrúpaí de cheathrar agus iarrtar orthu an cheist a phlé ***'Cén tionchar is dóigh leat a bheidh ag coinníollacha an mhargaidh in alt a dó thuas ar an ngraf seo?'*** Déanann na scoláirí nótaí dá gcuid comhráite agus siúlann sí thart tríothu chun aiseolas a fháil ar an gcaoi atá ag éirí leis na scoláirí, tacaíonn sí lena gcuid foghlama freisin trí cheistiúchán agus leidíocht mar is gá. Comhroinneann na scoláirí na príomhphointí óna gcuid plé agus déantar aon leasú ar an ngraf atá riachtanach.

